Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2024
(OR. en)**

**10038/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0067(NLE)**

**ENV 530
CLIMA 207
ENER 236
IND 263
COMPET 563
MI 512
ECOFIN 586
TRANS 235
AELE 42
CH 12**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, ar na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus ar na Caighdeáin Theicniúla Nasctha |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, ar na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus ar na Caighdeáin Theicniúla Nasctha**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh[1] ('an Comhaontú') an 23 Samhain 2017 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle[2].

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle[3] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(3) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm na gcinntí sin.

(4) Foráiltear le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

---

1 IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

2 Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle an 10 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 322, 7.12.2017, lch. 1).

3 Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle an 23 Eanáir 2018 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 43, 16.2.2018, lch. 1).

(5) Foráiltear le hAirteagal 3(6) agus (7) go mbeidh éifeacht ag na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha nuair a ghlactar iad le cinneadh ón gComhchoiste. Trí bhíthin Chinntí Uimh. 1/2020[4] agus Uimh. 2/2020[5], ghlac an Comhchoiste na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha, faoi seach.

(6) Is iomchuí Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a leasú chun éabhlóid an naisc clárlainne idir Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais agus Córas Trádála Astaíochtaí na hEilvéise a léiriú agus chun forálacha Iarscríbhinn II a chuíchóiriú i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta. Chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht ann idir na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha agus Iarscríbhinn II, ba cheart na doiciméid sin a leasú freisin.

(7) Le linn an seachtú cruinniú a bheidh ag an gComhchoiste, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[6], tá an Comhchoiste le Cinneadh a ghlacadh a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha a leasú.

---

4 Cinneadh Uimh. 1/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh an 5 Samhain 2020 ar ghlacadh na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna (COP) [2021/1033] (IO L 226, 25.6.2021, lch. 2).

5 Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh an 5 Samhain 2020 a mhéid a bhaineann le leasú Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú Nasctha agus le na Caighdeáin Theicniúla a Nascadh (LTS) (2021/1034) a ghlacadh (IO L 226, 25.6.2021, lch. 16).

6 Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta (IO L 239, 24.9.2018, lch. 8).

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha a leasú, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an seachtú cruinniú den Chomhchoiste nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*